# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille
Ros a' Mhíl

# Cáisc 2016

## Maidin Caife: Hoispís na Gaillimhe



Bhailigh muid €517 le haghaidh Hoispís na Gaillimhe ag Maidin Caifé roimh na Nollag. Chan na gasúir Carúil na Nollag do na cuairteoirí agus bhí raifíl againn. Míle buíochas le chuile dhuine a thug cúnamh dúinn.

## Fáilte

Fáilte roimh Liam a tháinig isteach i Rang Mhíchíl!

## Atlantiquarium



Tháinig bean ón Atlantiquarium isteach le héisc difriúla. Bhí na gasúir ag breathnú orthu agus ag déanamh turgnaimh orthu! Bhí an-bholadh amach ón rang ar an lá sin!!!

## Liathróid Láimhe



Tháinig Peadar Óg Ó Gríofa isteach le liathróid láimhe a dhéanamh le na gasúir. Thaitin sé go mór leo!

## Seó All Shook Up 4/2/16



Chuaigh Rang 3,4 agus 5 chuig an Scoil Chuimsítheach Chiaráin chun an seó All Shook Up a fheiceáil. Bhí an-lá acu agus

d'fhoghlaim siad go leor faoi dhrámaíocht a chur ar stáitse!

## Féile Scoil Drámaíocht



Bhí an scoil sa gcomórtas Féile Scoil Drámaíochta i gCinn Mhara. Fuair Rang Shíle an dráma 1916 is fearr leis an dráma 'Scéalta Beaga ó 1916'. Rinne an t-ard rang an dráma 'An Drisiúr'. Fuair Ailbhe an aisteoir is fearr agus Éabhadh an scéalaí is fearr! Chuaigh an dhá rang tríd go dtí Craobh Chonnachta i Seanscoil Sailearna. Ansin chuaigh Rang Shíle tríd go dtí an Craobh Náisiúnta a bheidh ar siúl i Mí Aibreáin i Muileann gCearr!!! Fair play daoibh!!



## Slán le Múinteoir Sinéad!



Bhí Múinteoir Sinéad anseo ó Mheán Fómhair 2015 go dtí Feabhra 2016. Tá sí ag súil le páiste. Go n-éirí leat a Shinéid!

## Boston Tea Party 12/2/16

Bhí Boston Tea Party againn arís i mbliana. Rinne muid €2000 agus beidh sé seo ag dul i dtreo leabhair scoile. Míle buíochas le na tuismitheoirí a bhí ag réiteach na halla.



## Lá an Fhorógа 15/3/16

Chroch muid agus gach scoil náisiúnta in Éirinn Brat na hÉireann ar an lá seo ag comóradh Éirí Amach na Cásca 1916. Léigh muid rolla na scoile ó 15ú Márta 1916 agus chan muid Amhrán na bhFiann.



## Go n-éirí leat a Lorcáin!

Go n-éirí le Lorcán Ó Curraoin ag Craobh an Domhain sa Rince Gaelach a bheidh ar siúl san Albain i rith na Cásca. Tá muid ar fad iontach bródúil as agus éacht mhór déanta aige chomh fada seo.

Tá súil againn go mbeidh Cáisc iontach agaibh agus bainigí sult as an sos. Ag guí Cáisc Shona oraibh ar fad.

Foireann na Scoile

Athoscailt: Luan 4/4/16